

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Leabhrán Faisnéise 6 **Creidiúnaithe**

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Creidiúnaithe

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Creidiúnaithe

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Ráiteas Cóipchirt

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Mar sin féin i gcomhlíontas na Rialachán in I.R. 279 de 2005 (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) mholann OSFC an faisnéis uile a tháirgeann sí a athúsáid.

Ceadaítear dá réir atáirgeadh agus/nó athúsáid an doiciméid seo faoi réir an cheadúnais PSI is deireanaí atá ar fáil ag www.psi.gov.ie. Ceadaítear duit an doiciméad seo nó an fhaisnéis inti a athúsáid saor in aisce i bhformáid ar bith ar choinníoll:

- go mbeidh an fhaisnéis a atáirgfear cruinn;
- gur chun críche dleathaí nó cuí a bhainfear úsáid aisti;
- go n-admhófar go soiléir foinse na faisnéise agus an chóipchirt;
- nach é príomhchúis le hathúsáid na faisnéise fógraíocht nó bolscaireacht a dhéanamh thar ceann táirge nó seirbhís faoi leith.

Ráiteas Séanta

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar léiriú de nó ar son OSFC maidir lena léirmhíniú cinntitheach ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 nó maidir le léirmhíniú údarásach ar dhlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht nó dliteanas ar bith is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

Clár Ábhair

1.0	Réamhrá	4
2.0	Príomhchumhachtaí Creidiúnaithe	5
2.1	Cad is Creidiúnaí ann	5
2.2	Cumhachtaí Creidiúnaithe	5
2.2.1	Cumhacht Chreidiúnaithe chun Leachtaitheoir a Cheapadh – Le hOrdú na hArd-Chúirte – Leachtú Deonach Creidiúnaithe	5 5 5
2.2.2	Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Glacadóir a Cheapadh	6
2.2.3	Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Ceapachán Scrúdaitheora a Iarraidh	6
2.2.4	Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Breithiúnais Chúirte a Lorg maidir le Fiacha atá Dlite	6
2.2.5	Cumhachtaí Creidiúnaithe i gcás Mainneachtana	6
2.2.6	Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Imscrúdú Cuideachta a Iarraidh	7
2.2.7	Cumhachtaí Creidiúnaithe sa chás nach bhfuil Cuideachta faoi Leachtú	7
2.2.8	Cumhacht Chreidiúnaithe Iarratas a Dhéanamh chun Cuideachta a chur ar ais ar Chlár na gCuideachtaí	7
3.0	Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí	8
3.1	Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla Pionóis a Fhorchuireann an Chúirt	8 8
3.2	Pionóis Shibhialta Dícháiliúchán Srianadh Baint de Chlár na gCuideachtaí	8 8 8 9
4.0	Seoltaí Úsáideacha	10
Aguisín A	Rannpháirteachas Creidiúnaithe i Leachtú	11
Aguisín B	Rannpháirteachas Creidiúnaithe i Scrúdaitheoireacht	12

1.0 Réamhrá

Tá forálacha leithne in Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009 ina sonraítear conas cúrsaí cuideachta a stiúradh. Tá cur síos sna forálacha sin ar conas is ceart do rannpháirtithe éagsúla i gcuideachtaí a ndualgais agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Ina theannta sin tugtar cearta agus cumhachtaí suntasacha do rannpháirtithe lena chur ar a gcumas a gcearta a dhearbhu agus más gá a leasanna príobháideacha agus/nó corparáideacha a chosaint.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim gur deacair do go leor de na rannpháirtithe neamhghairmiúla i gcúrsaí cuideachta bheith eolasach faoi na cearta atá acu agus faoi na hoibleagáide atá orthu faoin dlí toisc méid na gceangal in Achtanna na gCuideachtaí. Ba é sin go páirteach ba chúis le caighdeán neamhdhóthanach maidir le comhlíontas dhlí na gcuideachtaí san am atá thart.

Sonraítear in Alt 12(1)(b) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 go bhfuil sé d'fheidhm ag an Stiúrthóir comhlíontas Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh *“to encourage compliance with the Companies Acts”*. Is i gcomhchuibheas leis an sainchúram sin d'eisigh an Stiúrthóir sraith de leabhráin faisnéise. Eisíodh na Leabhráin Faisnéise sin den chéad uair i mí na Samhna 2001 agus san eagrán seo de na leabhráin tugtar chun dáta athruithe ar an dlí go deireadh na bliana 2010. Is ann do leabhráin faisnéise maidir leis na hábhair a leanas:

Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí

**Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí
Cuideachta**

Leabhrán Faisnéise 3 – Rúnaithe Cuideachta

**Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus
Scairsealbhóirí**

Leabhrán Faisnéise 5 – Iniúcháirí

Leabhrán Faisnéise 6 – Creidiúnaithe

**Leabhrán Faisnéise 7 – Leachtaitheoirí,
Glacadóirí agus
Scrúdaitheoirí**

De bhreis ar fhaisnéis ar na dualgais agus ar na cumhachtaí ábhartha tá faisnéis i ngach leabhrán maidir leis na pionóis a ngearrfar mura gcomhlíonfar na ceangail in Achtanna na gCuideachtaí; tá seoltaí agus pointí teagmhála úsáideacha iontu freisin.

Is ar an léitheoir neamhghairmiúil a bhíothas ag díriú le linn ullmhúcháin gach leabhrán d'fhonn fáil agus tuiscint níos fearr ar phríomhcheangail dhlí na gcuideachtaí a chinntiú.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cibé duine aonair a fhaigheann na sochair agus na pribhléidí a ghabhann le bheith corpraithe feasach faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leo. Tá na leabhráin faisnéise ceaptha chun na dualgais agus leis na freagrachtaí atá air a chur i léire don duine aonair agus an léire sin a mhéadú.

Is mian leis an Stiúrthóir a shoiléiriú nár cheart go dtuigfí an treoir mar léirmhíniú cinnitheach dlíthiúil ar na forálacha ábhartha. Ina theannta sin ní mór a admháil gur féidir léirmhínithe difriúla a bhaint as an dlí. Ba chóir mar sin go mbeadh léitheoirí feasach faoi go mbíonn éiginnteacht i gceist maidir leis an léirtheiscint a baineann na Cúirteanna as an dlí nuair a fheidhmítear an dlí i leith imthosca sonracha cuideachtaí agus daoine aonair.

Tá sé tábhachtach go dtabharfadh léitheoirí dá n-aire i gcás go bhfuil amhras orthu maidir lena n-oibleagáide nó lena ndualgais faoin dlí gur chóir dóibh dul sa tóir ar chomhairle dlí nó chuntasáiochta ghairmiúil neamhspleách de réir mar is cuí.

Tá sé ar intinn an Stiúrthóra an treoir a thabhairt chun dáta de réir mar a thagann athruithe ar dhlí na gcuideachtaí amach anseo. Cuirfidh sé fáilte freisin roimh aon tuairim maidir leis an ábhar atá ann sa chaoi is go mbeidh na heagráin a fhoilseofar as seo amach chomh faisnéiseach agus is féidir.

**Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach**

Deireadh Fómhair 2011

2.0 Príomhchumhachtaí Creidiúnaithe

2.1 Cad is Creidiúnaí ann

Is éard is creidiúnaí ann duine nó cuideachta a bhfuil fiach dlite dó/di ag an gcuideachta. Go ginearálta, tá dhá phríomhchineál creidiúnaí ann mar atá:

- Creidiúnaí urraithe: is duine é an creidiúnaí urraithe a bhfuil a f(h)iachas urraithe le ceann amháin nó níos mó de shócmhainní na cuideachta. Mar shampla institiúid a thugann airgead ar iasacht do chuideachta chun áitreabh a cheannach is gnách go n-éileoidh sí gníomhais an áitribh mar urrús maidir leis an iasacht. Féadfaidh creidiúnaí urraithe, mar chuid de chomhaontú na hiasachta, an ceart a choimeád aige féin chun glacadóir a cheapadh i gcás nach n-íofar ar ais an fiachas. Is é tasc an ghlacadóra an tsócmhainn/na sócmhainní urraithe a dhíol nó a dhiúscairt ar bhealach eile d'fhonn an fiachas a aisíoc. Féach Leabhrán Faisnéise 7 le haghaidh tuilleadh faisnéise ar Ghlacadóirí.
- Creidiúnaí neamhurraithe: Níl creidiúnaí neamhurraithe urraithe le haon cheann de shócmhainní na cuideachta. Dá réir sin sa chás nach bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc íofar creidiúnaithe urraithe chun tosaigh ar creidiúnaithe neamhurraithe.

2.2 Cumhachtaí Creidiúnaithe

Is í an chumhacht chun cuideachta a leachtú (i.e. a dhíscaoileadh go dleathach) an chumhacht is suntasaí atá ag creidiúnaithe faoi Achtanna na gCuideachtaí. De bhreis ar leachtú agus ar ghlacadóireacht tá cumhachtaí éagsúla eile ag creidiúnaithe chun aghaidh a thabhairt ar mhainneachtanaí i bhfeidhmiú cuideachta. Tá sonraí na gcumhachtaí sin leagtha amach thíos.

2.2.1 Cumhacht Chreidiúnaithe chun Leachtaitheoir a Cheapadh

Féadfar cuideachta a fhoirceannadh ar dhá bhealach a mbeidh creidiúnaithe páirteach iontu mar atá, le hordú na hArd-Chúirte agus trí leachtú deonach na gcreidiúnaithe.

Le hOrdú na hArd-Chúirte

Féadfaidh creidiúnaí achainí a chur chuig an Ard-Chúirt chun cuideachta a fhoirceannadh sa chás nach bhfuil sí in ann a fiacha a íoc¹. Meastar nach bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc sa chás:

- nár íocadh fiach de €1,269 nó níos mó le creidiúnaí laistigh de trí sheachtain i ndiaidh éileamh scríofa, nó;
- sa chás nach bhfuarthas sásamh maidir le breithiúnas Cúirte, nó;
- sa chás gur cruthaíodh ar dhóigh eile chun sástachta na Cúirte nach bhfuil sí in ann a fiacha a íoc².

I gcás go ndíospóidfidh an chuideachta de mheon macánta go bhfuil an spriocdháta maidir leis an bhfiachas istigh agus go bhfuil an fiachas dlite, cuirfear an achainí ar athló ag feitheamh ar chinneadh maidir le bailíocht an fhiachais. Leis an achainí a dhíbhe ní mór don chuideachta a chruthú nach bhfuil aon dliteanas ann maidir leis an bhfiachas. Beidh dlínse dhílis ag an gCúirt freisin chun faoiseamh a dhiúltú i gcás go measann sí gur mí-úsáid phróisis atá san iarratas, a leithéid úsáid a bhaint as an achainí mar mhodh bailithe fiacha.

Leachtú Deonach Creidiúnaithe

I gcás go mbeartóidh comhaltaí na cuideachta i gcruinniú ginearálta na cuideachta nach bhfuil sí (i.e. an chuideachta) in ann leanúint i mbun gnó mar gheall ar a dliteanais agus gur ceart go bhfoirceannfar go deonach í, ba cheart leachtaitheoir a cheapadh ag cruinniú na gcomhaltaí agus ba cheart don chuideachta

¹ Alt 213 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

² Alt 214 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

cruinniú dá creidiúnaithe a ghairm don lá a bhfuil an rún um fhoirceannadh beartaithe nó don lá ina dhiaidh³.

Ní mór di an cruinniú sin a fhógairt agus fógra a thabhairt do na creidiúnaithe deich lá roimh ré. Ní mór do na stiúrthóirí ráiteas iomlán a ullmhú maidir le staid chúrsaí na cuideachta, liosta dá creidiúnaithe agus méid a n-éileamh arna meas. Ní mór an ráiteas sin a chur i láthair ag cruinniú de na creidiúnaithe.

Rachaidh stiúrthóir ainmnithe i gceannas ar chruinniú na gcreidiúnaithe agus léireoidh sé na fáthanna le loiceadh na cuideachta agus freagróidh sé ceisteanna. Breithneofar ag an gcruinniú an ráiteas cúrsaí a d'ullmhaigh na stiúrthóirí, féadfar Coiste Cigireachta⁴ a cheapadh agus meáfar ceapachán leachtaitheora atá ainmnithe ag cruinniú na gcomhaltaí agus meáfar duine eile a chur ina (h)áit má chuirfear. Gabhfaidh ainmnitheach na gcreidiúnaithe mar lechtaitheoir ionad ainmnitheach na gcomhaltaí más mian le móramh na gcreidiúnaithe de réir luach a n-éileamh é sin a dhéanamh.

Tá rannpháirteachas creidiúnaithe i bpróiseas an lechtaithe sa chás go mbeidh cuideachta faoi leachtú dócmhainneach léirithe in Auisín A.

2.2.2 Cumhacht Chreidiúnaithe chun Glacadóir a Cheapadh

I gcás go ndearna cuideachta mainneachtain maidir le híocaíochtaí le creidiúnaí urraithe féadfaidh an creidiúnaí a iarraidh go gceapfar glacadóir don chuideachta de bhun cumhachtaí sa bhintiúr (comhaontú iasachta) a bhaineann leis an iasacht i gceist nó trí iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt de réir mar is cuí. Féach Leabhrán Faisnéise 7 – Lechtaitheoirí, Glacadóirí & Scrúdaitheoirí le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi Ghlacadóirí.

³ Alt 266 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

⁴ Déanfaidh Coiste Cigireachta maoirseacht ar an lechtaitheoir le linn dó/di a f(h)eidhmeanna a fheidhmiú. I gcás go bhfuil Coiste Cigireachta bunaithe socróidh sé an luach saothair a íocfar don lechtaitheoir freisin.

2.2.3 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Ceapachán Scrúdaitheora a Iarraidh

Is próiseas an Scrúdaitheoireacht trína gcuirtear cuideachta faoi 'chosaint' na Cúirte. Sa chomhthéacs sin tagraíonn cosaint do chosaint ó chreidiúnaithe na cuideachta. Pléitear topaic na scrúdaitheoireachta go mion i Leabhrán Faisnéise 7 – Lechtaitheoirí, Glacadóirí & Scrúdaitheoirí.

Féadfaidh creidiúnaí iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt chun scrúdaitheoir a cheapadh má dhealraíonn sé:

- nach bhfuil cuideachta in ann a fiacha a íoc, nó gur dóigh nach mbeidh sí in ann a fiacha a íoc, agus;
- nach bhfuil aon fhoirceannadh (i.e. leachtú) á dhéanamh, agus;
- go bhfuil an Chúirt sásta go bhfuil údar réasúnta le ceapadh go mbeidh an chuideachta agus an t-iomlán nó aon chuid dá gnóthas in ann maireachtáil mar ghnóthas leantach⁵.

Tá rannpháirteachas creidiúnaithe sa phróiseas scrúdaitheoireachta léirithe in Auisín B.

2.2.4 Cumhachtaí Creidiúnaithe Breithiúnais Chúirte a Lorg maidir le Fiacha atá Dlíte

I gcás go gcliseann ar chuideachta fiacha atá dlíte do chreidiúnaí a íoc is féidir leis an gcreidiúnaí breithiúnais chúirte a lorg i gcoinne na cuideachta agus tá roinnt modhanna inar féidir an breithiúnas sin a fhorfheidhmiú ina dhiaidh sin ar a n-áirítear clárú san Ard-Chúirt agus bailiúchán ag an Sirriam.

2.2.5 Cumhachtaí Creidiúnaithe i gcás Mainneachtana⁶

I gcás mhainneachtain na cuideachta nó aon duine dá hoifigigh aon fhoráil d'Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh féadfaidh creidiúnaí fógra a sheirbheáil chun an mhainneachtain a chur ina ceart laistigh de 14 lá. Má mhainníonn cuideachta nó aon oifigeach cuideachta an mhainneachtain

⁵ Alt 2 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.

⁶ Alt 371 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

a chur ina ceart féadfaidh an creidiúnaí iarratas ar ordú a chur chuig an Ard-Chúirt á ordú don chuideachta nó don oifigeach an mhainneachtain a chur ina ceart.

2.2.6 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Imscrúdú Cuideachta a Iarraidh⁷

Is féidir le creidiúnaí cuideachta iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt le go gceapfar Cigire amháin nó níos mó chun cúrsaí na cuideachta a imscrúdú agus chun tuairisc a dhéanamh mar gheall orthu. I gcás go gceapfaidh an Chúirt Cigire/Cigirí sonródh sí go beacht na cúrsaí ar cheart imscrúdú a dhéanamh orthu. I gcás go ndéanfaidh creidiúnaí iarratas dá leithéid féadfaidh sé go n-iarrfar air/uirthi urrús a thabhairt chun costais an imscrúdaithe a chlúdach.

Cigirí a cheapfar faoin alt sin gheobhaidh siad treoracha ón Ard-Chúirt agus tuairisceoidh siad don Ard-Chúirt.

2.2.7 Cumhachtaí Creidiúnaithe sa chás nach bhfuil Cuideachta faoi Leachtú

I gcás go bhfuil sé cruthaithe don Ard-Chúirt nach bhfuil cuideachta in ann a fiacha a íoc nó i gcás go bhfuil breithiúnas faighte ag creidiúnaí na cuideachta ach nach bhfuil éirithe leis/léi ina (h)iarrachtaí é a fhorfheidhmiú agus nach bhfuil an chuideachta faoi leachtú de bharr neamhdhóthanachta a sócmhainní féadfaidh creidiúnaithe iarratas a chur chuig an gCúirt go bhfeidhmeofar roinnt cumhachtaí nach bhfeidhmítear de ghnáth i gcomhthéacs leachtaithe de bhun alt 251 d'Acht na bliana 1990.

Is féidir le creidiúnaithe iarratas a chur chuig an gCúirt ar fhaoisimh éagsúla ar a n-áirítear:

- (a) imscrúdú ar leabhair agus ar pháipéir na cuideachta;
- (b) gabháil ranníocóra⁸, stiúrthóra, cúlstiúrthóra, rúnaí nó oifigigh eile

de chuideachta agus seilbh a fháil ar a leabhair, ar a bpáipéir agus ar mhaoin shochorraithe dá gcuid;

- (c) ordú á ordú go ranníocfaidh cuideachta ghaolmhar le sócmhainní na cuideachta dócmhainní;
- (d) na sócmhainní a diúscaíodh go míchuí a thabhairt ar ais;
- (e) forchur dliteanais phearsanta ar stiúrthóir maidir le trádáil chalaíseach nó mheargánta;
- (f) measúnú a dhéanamh ar dhamáistí de bharr mí-iompair;
- (g) forchur dliteanas pearsanta ar stiúrthóir i gcás nár choinnigh an chuideachta leabhair chúí chuntas;
- (h) oifigigh na cuideachta a cheistiú faoi mhionn maidir le cúrsaí na cuideachta.

2.2.8 Cumhacht Chreidiúnaithe Iarratas a Dhéanamh chun Cuideachta a chur ar ais ar Chlár na gCuideachtaí

I gcás go bhfuil cuideachta bainte de Chlár na gCuideachta mar gheall ar loiceadh tuairisceán bliantúil a dhéanamh nó mar gheall ar loiceadh ráiteas sonraí a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim, féadfaidh creidiúnaí iarratas a chur chuig an gCúirt Chuarda ar ordú go gcuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár, sa chaoi is gur féidir leis dul ar aghaidh le himeachtaí i gcoinne na cuideachta. I gcás go gcuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár ar an dóigh sin measfar gurbh ann don chuideachta i gcónaí amhail is nár baineadh den chlár riamh í.

I gcás gur baineadh cuideachta de chlár na gcuideachta de bhrí nach raibh sí ag seoladh gnó féadfaidh creidiúnaí iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt ar ordú go gcuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. Déanfaidh an Chúirt ordú dá leithéid má tá sí sásta gur cheart an chuideachta a chur ar ais ar an gclár. I gcás go gcuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár ar an dóigh sin measfar gurbh ann don chuideachta i gcónaí amhail is nár baineadh den chlár riamh í.

7 Alt 7 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 arna leasú.

8 Ciallaíonn "ranníocóir" duine a dhlíonn ranníoc a dhéanamh i leith sócmhainní cuideachta i gcás a foirceanta (Acht na gCuideachtaí, 1963).

3.0 Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí

3.1 Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla

Pionóis a Fhorchuireann Cúirt

Foráiltear do dhá chineál ciona coiriúil faoi Achtanna na gCuideachtaí, cion achomair agus cion indíotáilte. De ghnáth ní mheastar cion achomair a bheith an-tromchúiseach agus triailtear os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche é gan giúiré. Is gnách go meastar cionta indíotáilte a bheith níos tromchúisí. Is féidir cionta indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtriailtear cionta achoimre, is é sin os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche gan giúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, is é sin le rá os comhair breithimh agus giúiré.

Má théitear an bealach sin deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil. I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, beidh na pionóis dá bhforáiltear faoin dlí ar ciontú i bhfad níos déine de ghnáth ná mar bheadh siad dá mba rud é go n-ionchúisítí an cion go hachomair.

Maidir le gnáth-uasphionós ar ciontú:

- i gcás cion achomair faoi Achtanna na gCuideachtaí, €1,904 agus/nó téarma príosúnachta 12 mhí, agus;
- i gcás cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí, €12,697 agus/nó téarma príosúnachta 5 bliana.

Ach foráiltear faoi Achtanna na gCuideachtaí freisin do phionóis i bhfad níos déine maidir le cionta áirithe, m.sh. trádáil chaloiseach (€63,487 agus/nó téarma príosúnachta 7 mbliana ar ciontú ar indíotáilte) agus mí-úsáid mhargaidh (€10 milliún agus/nó téarma príosúnachta 10 mbliana ar ciontú ar indíotáilte).

3.2 Pionóis Shibhialta

Dícháilichán

I dteannta fineálacha agus pionóis foráiltear do bhearta sriantacha eile freisin faoi na hAchtanna. Daoine a chiontaítear ar díotáil i gcion indíotáilte a bhaineann le cuideachta nó a bhfuil calaois nó mí-ionracas ag roinnt leis dícháilítear iad go huathoibríoch chun gníomhú mar stiúrthóirí/oifigigh chuideachta (féach Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta).

Chomh maith leis sin tig leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas ar dhícháiliúchán a chur chuig na Cúirteanna maidir le duine ar bith:

- atá ciontach i gcion amháin nó níos mó a bhaineann le loiceadh leabhair chuí chuntas a choinneáil, nó:
- atá ciontach i dtrí mhainneachtain nó níos mó faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Srianadh

Beidh na forálacha a bhaineann le srianadh stiúrthóirí cuideachta infheidhme i leith cuideachtaí dócmhainneacha nach bhfuil in ann a bhfiacha a íoc de réir mar a bheidh a ré istigh. Sa chás go bhfuil cuideachta a chuirfear faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht⁹ dócmhainneach, cuirfear srianadh ar feadh tréimhse suas go 5 bliana ar aon stiúrthóir den chuideachta a gcliseann air/uirthe a chruthú don Ard-Chúirt gur ghníomhaigh sé nó sí go macánta agus go freagrach.

⁹ Is é an fheidhm atá ag leachtaitheoir sócmhainní na cuideachta a bhailiú agus a réadú, fiacha na cuideachta a ghlanadh, aon fharasbarr atá fágtha a dháileadh, cúrsaí na cuideachta a imscrúdú agus an chuideachta a díscáileadh de réir an dlí. Is é feidhm an ghlacadóra sócmhainní áirithe na cuideachta a dhiúscairt d'fhonn fiach a aisíoc do chreidiúnaí m.sh. do bhanc. Féach Leabhrán Faisnéise 7 – le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi leachtaitheoirí.

Cuireann srianadh dá leithéid cosc ar dhuine ó bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí nó ó bheith páirteach i bhfoirmiú nó i gcur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach. I gcás cuideachta phríobháideach is é €63,487 i scairchaipiteal leithroinnte íoctha an riachtanas caipitil, agus i gcás cuideachta phoiblí is é €317,435 é.

Beidh cuideachta dá leithéid faoi réir rialacha níos déine freisin maidir le cothabháil chaipitil. Pléitear topaic an srianta go mion in Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta.

Baint de Chlár na gCuideachta

I gcás loiceadh cuideachta oibleagáidí dlíthiúla áirithe atá uirthi a chomhlíonadh, m.sh. má chliseann uirthi tuairisceán bliantúil a chomhdú le Cláráitheoir na gCuideachtaí, tig leis an gCláráitheoir an chuideachta a bhaint de Chlár na gCuideachtaí.

I gcás go mbainfear cuideachta den chlár aistrefar sócmhainní na cuideachta go huathoibríoch chuig an Stát. Fanfaidh an chuideachta faoi úinéireacht an Stáit go dtí go gcuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. A fhad is a bheidh sí bainte den chlár beidh gach stiúrthóir, oifigeach agus comhalta den chuideachta faoi dhliteanas i gcónaí agus féadfar an dliteanas sin a fhorfheidhmiú amhlaidh a dhéanfaí murar díscáileadh an chuideachta¹⁰.

Pléitear na nósanna imeachta is inleanta chun cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí.

10 Alt 12B(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

4.0 Seoltaí Úsáideacha

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

Teil: 01 858 5800

Suíomh Idirlín: www.osfc.ie

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

14 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

&

Bóthar Uí Bhriain

Ceatharlach

Teil: 01 804 5200

Suíomh Idirlín: www.cro.ie

Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Sráid Cill Dara

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2121

Suíomh Idirlín: www.djei.ie

Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí

Lárionad Phort an Iarla

Sráid Hatch Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2763

Suíomh Idirlín: www.clrg.org

Basis

Rochtain Gnó ar Fhaisnéis

agus ar Sheirbhísí Stáit

Suíomh Idirlín: www.basis.ie

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Teach Willow

Páirc na Mílaoise

An Nás

Co. Cill Dara

Teil: 045 983600

Suíomh idirlín: www.iaasa.ie

Aguisín A

Rannpháirteachas Creidiúnaithe i Leachtú

I gcás go bhfuil cuideachta faoi leachtú dócmhainneach beidh roinnt cumhachtaí ar fáil do chreidiúnaí.

- Féadfaidh creidiúnaí iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt chun imscrúdú a dhéanamh ar leabhair agus ar pháipéir na cuideachta¹¹.
- Féadfaidh creidiúnaí iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt chun oifigigh na cuideachta a cheistiú faoi mhionn maidir le cúrsaí na cuideachta¹².
- Féadfaidh creidiúnaí iarratas a chur chuig an gCúirt ar ordú nach laghdóidh stiúrthóir nó oifigeach eile na cuideachta a s(h)ócmhainní laistigh den Stát faoi bhun méid a shocróidh an Chúirt i gcás nach bhfuil cúis shubstainteach le caingean a thionscnamh i gcoinne an stiúrthóra, nó i gcoinne aon oifigigh nó cuideachta eile agus go bhfuil forais lena chreidiúint go bhféadfadh an stiúrthóir nó oifigeach eile sócmhainní dá c(h)uid nó de chuid na cuideachta a thabhairt chun bealaigh nó a dhiúscairt d'fhonn dul óna (h)oibleagáidí nó ó oibleagáidí na cuideachta agus d'fhonn ordú na Cúirte a chur ó rath¹³.
- Féadfaidh creidiúnaí iarratas a chur chuig an gCúirt chun ranníocóir le sócmhainní na cuideachta, stiúrthóir, cúlstiúrthóir, rúnaí nó oifigeach eile na cuideachta a ghabháil agus chun seilbh a fháil ar leabhair, ar pháipéar agus ar mhaoin shochorraithe an duine sin i gcás go bhfuil cúis dhóchúil ann chun a chreidiúint go bhfuil sé/sí ar tí éalaithe nó ar tí a m(h)aoin a thabhairt chun bealaigh nó a cheilt chun dul ó ghlaochanna a íoc nó chun ceistiú maidir le cúrsaí na cuideachta a sheachaint¹⁴.

- I gcás go bhfuil easnamh maidir le sócmhainní atá ar fáil féadfaidh creidiúnaí iarratas a chur chuig an gCúirt ar ordú á ordú go ranníocfaidh cuideachta ghaolmhar le sócmhainní na cuideachta atá á foirceannadh¹⁵.
- Féadfaidh creidiúnaí iarratas a chur chuig an gCúirt go dtabharfar ar ais maoin a diúscair an chuideachta má mheasann sí gurbh é éifeacht na diúscair sin calaois a dhéanamh ar an gcuideachta, ar a creidiúnaithe nó ar a comhaltaí. I gcás go mbeidh an Chúirt sásta maidir leis sin féadfaidh sí a ordú an mhaoin nó fáltais an díola a thabhairt ar ais ar cibé téarmaí mheasann sí bheith cuí¹⁶.
- Féadfaidh creidiúnaí imeachtaí a thionscnamh i gcoinne stiúrthóirí nó daoine eile maidir le trádáil chalaioiseach nó mheargánta ag féachaint na daoine sin a dhéanamh freagrach as fiacha uile na cuideachta nó as cuid díobh¹⁷. Féadfar dliteanas coiriúil a fhorchur ar dhuine a gcinnfear a bheith ciontach i dtrádáil chalaioiseach¹⁸.
- I gcás go ndealraíonn sé, i gcúrsa foirceannadh cuideachta, go bhfuil airgead curtha chun mífheidhme nó faighte go héagórach ag aon duine a ghlac páirt i bhfoirmiú nó i gcur chun cinn na cuideachta, nó ag aon oifigeach, glacadóir nó scrúdaitheoir atá inti nó a bhí inti nó go raibh duine dá leithéid ciontach i bhfaillí nó i míghníomh (mí-iompar) a bhfuil siad freagrach don chuideachta as, féadfaidh an creidiúnaí imeachtaí míghnímh a thionscnamh chun airgead dá leithéid a aisghabháil¹⁹.
- Féadfaidh creidiúnaí iarratas a dhéanamh chun dliteanas pearsanta a fhorchur ar stiúrthóir i gcás nár choinnigh an chuideachta leabhair chúí chuntas²⁰.

11 Alt 243 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

12 Alt 245 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú agus alt 282B d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

13 Alt 55 den Acht um Fhorfheidhmíú Dhlí na gCuideachta, 2001.

14 Alt 46 d'Acht na gCuideachtaí, 2001 arna leasú agus alt 282D d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

15 Alt 140 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

16 Alt 139 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

17 Alt 297A d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

18 Alt 297 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

19 Alt 298 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

20 Alt 204 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

Aguisín B

Rannpháirteachas Creidiúnaithe i Scrúdaitheoireacht

Is próiseas í an scrúdaitheoireacht trína gcuirtear cuideachta faoi ‘chosaint’ na Cúirte. Sa chomhthéacs sin tagraíonn cosaint do chosaint ó chreidiúnaithe na cuideachta. Pléitear topaic na scrúdaitheoireachta go mion i Leabhrán Faisnéise 7 – Leachtaitheoirí, Glacadóirí & Scrúdaitheoirí.


Ag éisteacht na hachainí chun scrúdaitheoir a cheapadh éistfidh an Chúirt le huiríll ó aon chreidiúnaithe ar mian leo bheith i láthair. I gcás go bhfuil scrúdaitheoir ceaptha do chuideachta glacfaidh creidiúnaithe páirt i bpróiseas an scrúdaithe ar roinnt bealaí.

Ar ceapadh dó ag an gCúirt iarrfaidh an scrúdaitheoir moltaí a fhoirmlíú le haghaidh comhréiteach nó scéim socraithe ‘scheme of arrangement’. Chun moltaí dá leithéid a fhoirmlíú féadfaidh scrúdaitheoir coiste creidiúnaithe a cheapadh d’fhonn cúnaimh a thabhairt dó/di agus féadfaidh sé/sí cruinnithe na gcreidiúnaithe a thionól.

I gcás go bhfoirmlíonn scrúdaitheoir moltaí cuirfear faoi bhráid gach aicme comhalta agus creidiúnaí iad. Measfar go bhfuil siad glactha ag aicme creidiúnaithe má vótálann móránh de réir mhéid a ionannóidh móránh de réir luacha de na héileamh a bheidh ionadaithe ag an gcruinniú i bhfabhar na moltaí.

Cuirfear na moltaí faoi bhráid na Cúirte ansin agus is í a dhéanfaidh an cinneadh cibé acu na moltaí (móide nó lúide mhodhnuithe) a dhaingniú nó a dhiúltú. Ní féidir leis an gCúirt na moltaí a dhaingniú:

- mura raibh glacadh leo ag ar a laghad aicme amháin creidiúnaithe a ndéanfaidh a bhforfheidhmiú dochar dá leasanna;
- mura bhfuil siad cóir agus cothrom maidir le haon aicme de chomhaltaí nó de chreidiúnaithe nár glac leo agus a ndéanfaí dochar dá leasanna, agus;
- má dhéanfaidh siad dochar go héagórach do aon pháirtí leasmhar.



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le bhagaidh eolas eile:

✉ **Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

☎ 01 858 5800
Loghlao 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil
An English version of this booklet is available*